S.C.G & O.C.G – An Córas Achomhairc

I. <u>Achomharc a lorg.</u>

a. Tar éis duit do chuid torthaí a fháil nó tar éis duit breathnú ar script(eanna) de do chuid b'fhéidir gur mhaith leat achomharc a dhéanamh. Tar éis duit do chuid torthaí a fháil, má shocraíonn tú gur mhaith leat Achomharc a lorg, beidh ort ríomhphost ag lorg Achomharc a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (chuig **appeals.scgocg@protonmail.com**). Sa ríomhphost seo lua **'APPEAL'** sa teideal agus sa ríomhphost lua; d'ainm, SCG nó OCG, do uimhir scrúdaithe/measúnaithe agus an mír/míreanna gur mhaith leat Achomharc a lorg ar/orthu.

b. Caithfear táille €50 do gach modúl a íoc ar-líne le cárta ag https://ilrweb.ie/scg-2020-21 /EASY PAYMENTS PLUS/ SCG OCG Miscellaneous Fees/Appeal Fee **<u>faoi 1.00i.n. ar an Mháirt 8 Meitheamh 2021. (Is táille phróiseála í an táille seo agus tá sé neamh-inaisíoctha)</u>**

c. Ni ghlacfar le iarratais tar éis an dáta thuas agus ní bheifear in ann achomharc a dhéanamh gan an ríomhphost <u>agus</u> an íocaíocht a bheith curtha i bhfeidhim faoin dáta agus am thuasluaite..

d. Cuirfear do script ansin chuig ceartaitheoir chun é a athcheartú.

e. Usáidfear ceartaitheoir difriúil don athcheartú.

f. Déanfar an t-athcheartú de réir na gcritéar céanna a úsáideadh don chéad cheartú.

g. Féachfar chuige gur cuireadh na critéir sin i bhfeidhm i gceart. Ní féidir le haon cheartaitheoir marcanna a bhronnadh nach bhfuil de réir na gcritéar sin.

h. D'fhéadfaí do ghrád a ardú, é a fhágáil mar an gcéanna, nó é a ísliú.

i. Beidh torthaí ar fáil ar nó roimh an Céadaoin 16 Meitheamh 2021.